# Treoracha slándála

## Treoracha slándála maidir le huirlisí líofa le sia Abrasives a úsáid

Tá sé dainséarach úsáid mhíchuí a bhaint as uirlisí líofa agus d'fhéadfaí gortuithe a tharraingt. Lasmuigh de seo chuirfeadh úsáid mhíchuí an t-úsáideoir i mbaol ó dheannach, ó bhearráin, ó cháithníní scoilte agus ó bhriseadh nó ó imeacht na huirlise líofa nó ón bhanda agus é ag rothlú. Ina theannta sin tá baol ann má bhaintear don uirlis líofa agus í ar siúl, ó thorann, ó chreathadh agus de thoradh ar an uirlis a úsáid gan trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh nó gan é a chaitheamh i gceart, ó thurraingí leictreacha agus ó luchtú leictreastatach. Tá baol tine agus baol pléasctha de thoradh bearrán, deannaigh agus splancacha.

Dá bhrí sin ní mór anailís ar bhaoil na bpróiseas líofa ar fad a dhéanamh, go háirithe:

- Aird a thabhairt ar threoracha déantúsóir an innill agus na huirlise líofa.
- Leas a bhaint as na suiteálacha slándála agus cosanta ar fad a thug déantúsóir an innill.
- Gan obair líofa a dhéanamh ach amháin má tá na suiteálacha cosanta i bhfeidhm. Tá sé éigeantach cochall cosanta a chaitheamh má úsáidtear inneall a bhfuil a luas oibre níos tapúla ná 63m/s.
- Oiriúnacht na huirlise líofa don obair bheartaithe a scrúdú. Má déantar obair líofa fhliuch úsáidtear uirlisí líofa atá beartaithe go sainiúil dá leithéid d'obair.
- Ná baineadh aoinne úsáid as na huirlisí seo ach amháin daoine cáilithe a bhfuil oiliúint chuí tugtha dóibh.
- Caitear trealamh cosanta pearsanta de réir mar a úsáidtear an t-inneall (lámhainní cosanta, spéaclaí cosanta, cosaint aghaidhe, cosaint riospráide, cosaint cluasa, naprún leathair, bróga cosanta). Ná bíodh aon ghruaig scaoilte, éadaí scaoilte nó seoda ar an té a mbíonn inneall á oibriú aige/aici.
- Baintear úsáid as eastarraingeoir
- Iompraítear agus coinnítear na huirlisí go cúramach agus teanntaítear bandaí ar uirlisí líofa go cúramach. Ná húsáidtear uirlisí líofa damáistithe.
- Déantar scrúdú chun a áirithiú go bhfuil an uirlis líofa gléasta i gceart; gléastar uirlisí líofa comhcruinne chun an láir isteach nó ón lár amach i gcónaí agus ná húsáidtear ach plátaí taca/ cúltacaí oiriúnacha. Brúitear uirlisí a bhfuil córas greamaithe nó féinghreamaithe acu ar an achar tadhaill iomlán. Feistítear bandaí a bhfuil comhartha treo orthu sa treo ceart.
- Glantar ábhar so-adhainte sa timpeallacht oibre. Cuirtear cosc ar luchtú leictreastatach nó laghdaítear é.
- Ná sáraítear an luas uasta oibre. Tástáiltear an uirlis líofa i ndiaidh banda a theanntú uirthi. Ná claontar an uirlis agus obair líofa le haghaidh deighilte a bheith ar siúl ionas nach mbeidh sí sáite. Ná cuirtear síos uirlisí líofa láimhe go dtí go mbeidh siad stoptha go iomlán.
- Cuirtear uirlisí líofa de láimh de réir rialachán na háite ina n-úsáidtear iad.